**GA FÁILTE**

Mar Phropast ar Champas Mhig Aoidh in Ollscoil Uladh, tá lúcháir orm fáilte a chur romhaibh go cathair stairiúil Dhoire don Chomhdháil Mheiriceánach sa Léann Éireannach 2021.

In oileán seo na naomh agus na n-ollúna, déanfaidh an chathair i mbliana comóradh ar mhíle cúig céad bliain ó bhreith Cholm Cille, naomh atá ar na soiscéalaithe is tábhachtaí sa luath-Eaglais Chríostaí san Eoraip agus ar na daoine is tábhachtaí maidir le hoidhreacht scolártha na hÉireann agus na hAlban. Tháinig éarlamh seo Dhoire ar an tsaol i nDún na nGall gur thuill clú agus cáil mar dhuine de na daoine is mó a d'imir tionchar ar stair na hÉireann agus na Breataine agus tá ríthábhacht ag baint leis i dtaobh stair pholaitiúil, chreidimh, chultúrtha, eolaíochta agus taidhleoireachta na cathrach agus an réigiúin de.

Le linn na comhdhála seo, a mbeidh éiteas an fhiosrúcháin agus an chomhair chomh maith le tiomantas chun barr feabhais a bhaint amach taobh thiar de, beidh deis ag scoláirí agus ag staraithe ó gach cearn den domhan beocht a chur in oidhreacht shaibhir acadúil Cholmcille trí chomóradh a dhéanamh ar oidhreacht iontach liteartha agus teanga na hÉireann.

Is iad téamaí an Dúchais, Leighis agus Baile a bheidh lárnach sa Chomhdháil agus tiocfaidh toscairí le chéile (go fisiciúil agus go fíorúil) chun plé agus imscrúdú a dhéanamh ar phríomhghnéithe an Léinn Éireannaigh agus gan iad ach cúpla míle ar shiúl ón teorainn idir an RA/AE iar-Bhreatimeacht.

Fíorófar stádas ACIS mar phríomhimeacht idirdhisciplíneach sa Léann Éireannach trí chlár ilghnéitheach, clár a bhfuil fáilte romhaibh páirt a ghlacadh ann. Beidh fairsinge agus scála an dioscúrsa liteartha, chultúrtha agus stairiúil mar chuid de na léirithe taighde, na seisiúin iomlánacha, na léamha filíochta agus na léirithe ealaíne a bheidh ann agus atá beartaithe mar chomóradh oiriúnach ar shaol agus ar shaothar Cholmcille. Léiriú ómósach a bheidh ann i gCathair Léinn EOECNA ar an méid a chuir sé le saothair mhóra liteartha agus ealaíonta na luath-Mheánaoiseanna

Tá mé buíoch de na saineolaithe a dhéanfaidh a gcuid eolais a chomhroinnt le linn ACIS 2021 agus atá in áit faoi leith chun eolas a chur le plé agus díospóireacht ar réimse de théarmaí a chuirfear i láthair do lucht éisteachta idirnáisiúnta.

Le linn na comhdhála tá mé cinnte de go mbainfidh tú idir thairbhe agus fhiúntas as an phlé agus an chaibidil agus tá mé ag dúil le bhur gcuid eispéireas comhroinnte a chluinstin.